DÁIL ÉIREANN

Dé Máirt, 27 *Márta*, 2018
Tuesday, 27*th March*, 2018

RIAR NA hOIBRE
ORDER PAPER

Dé Máirt, 27 *Márta*, 2018
Tuesday, 27*th March*, 2018

2 p.m.

ORD GNÓ
ORDER OF BUSINESS

8. Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann i ndáil leis an Ordú um an Acht Airgeadais, 2004 (Alt 91) (Géilleadh don Phríomh-Chiste a Iarchur), 2018.
Motion *re* Proposed approval by Dáil Éireann of the Finance Act 2004 (Section 91) (Deferred Surrender to the Central Fund) Order 2018.

9. Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann i ndáil leis an tuarascáil ón Aire a bhfuil Freagracht air maidir le Cosaint, maidir le seirbhís ag Óglaigh na hÉireann leis na Náisiúin Aontaithe in 2016 [*Arna breithniú ag an Roghchoiste um Ghnóthaí Eachtracha agus Trádáil, agus Cosaint an 8 Martá 2018*].
Motion *re* Proposed approval by Dáil Éireann of the report by the Minister with Responsibility for Defence, regarding service by the Defence Forces with the United Nations in 2016 [*Considered by the Select Committee on Foreign Affairs and Trade, and Defence on 8th March, 2018*].

1. An Bille um Shonraí Clárúcháin Feithicle (Cuardach agus Malartú Uathoibrithe), 2018 [*Seanad*] — An Dara Céim.
Vehicle Registration Data (Automated Searching and Exchange) Bill 2018 [*Seanad*] — Second Stage.

GNÓ COMHALTAÍ PRÍOBHÁIDEACHA
PRIVATE MEMBERS' BUSINESS

178. Tairiscint *maidir le* Míchumais.
Motion *re* Disabilities.

I dTOSACH GNÓ PHOIBLÍ
AT THE COMMENCEMENT OF PUBLIC BUSINESS

Billí ón Seanad: Bills from the Seanad

1. An Bille um Shonraí Clárúcháin Feithicle (Cuardach agus Malartú Uathoibrithe), 2018 [*Seanad*] — An Dara Céim.
Vehicle Registration Data (Automated Searching and Exchange) Bill 2018 [*Seanad*] — Second Stage.

---

2. An Bille um Neamhord Speictream an Uathachais, 2017 [*Seanad*] — An Dara Céim.
Autism Spectrum Disorder Bill 2017 [*Seanad*] — Second Stage.

---

3. An Bille um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna) (Leasú), 2017 [*Seanad*] — An Dara Céim.
Landlord and Tenant (Ground Rents) (Amendment) Bill 2017 [*Seanad*] — Second Stage.

---

4. An Bille um Chosaint Idirnáisiúnta (Athaontú Teaghlaigh) (Leasú), 2017 [*Seanad*] — An Dara Céim.
International Protection (Family Reunification) (Amendment) Bill 2017 [*Seanad*] — Second Stage.

Billí a thionscnamh: Initiation of Bills

Tíolactha:
Presented:

5. An Bille um Fhorbairt Tionscail (Leasú), 2018 — Ordú don Dara Céim.
Industrial Development (Amendment) Bill 2018 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do dhéanamh socrú i ndáil le cumhachtaí faoi alt 16 den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1986 a fheidhmiú; do dhéanamh socrú go mbeidh feidhm ag forálacha áirithe d'Acht na dTithe, 1966 maidir le cumhachtaí éigeantacha faoin alt sin a fheidhmiú agus do dhéanamh socrú maidir leis an mBord Pleanála do chomhlíonadh feidhmeanna i ndáil leis sin; do dhéanamh socrú go mbeidh feidhm ag forálacha áirithe den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 i ndáil leis sin; agus, chun na gcríoch sin, do leasú an Achta um Fhorbairt Tionscail, 1986; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

Bill entitled an Act to make provision in relation to the exercise of powers under section 16 of the Industrial Development Act 1986; to provide that certain provisions of the Housing Act 1966 shall apply in respect of the exercise of compulsory powers under that section and to make provision for the performance of functions by An Bord Pleanála in relation thereto; to provide that certain provisions of the Planning and Development Act 2000 shall apply in relation thereto; and, for those purposes, to amend the Industrial Development Act 1986; and to provide for related matters.

—An tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

---

6. An Bille um Chóipcheart agus Forálacha Eile maidir le Maoin Intleachtúil, 2018 — Ordú don Dara Céim.
Copyright and Other Intellectual Property Law Provisions Bill 2018 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do leasú an Achta Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000 chun go gcuirfear i gcuntas moltaí áirithe maidir le leasuithe ar an Acht sin atá sa Tuarascáil ón gCoiste um Athbhreithniú ar Chóipcheart dar teideal "Cóipcheart a Nuachóiriú" a d'fhoilsigh an Coiste sin i nDeireadh Fómhair 2013 agus, ina theannta sin, chun go gcuirfear i gcuntas eisceachtaí áirithe ó chóipcheart a cheadaítear le Treoir 2001/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 maidir le comhchuibhiú gnéithe áirithe den chóipcheart agus de chearta gaolmhara sa tsochaí faisnéise; do dhéanamh leasuithe áirithe eile ar an Acht sin, lena n-áirítear leasuithe i ndáil le tagairtí san Acht sin d'oideachas agus d'fhíneálacha; do dhéanamh leasuithe iarmhartacha ar an Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1924, ar Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961, ar Acht na bPaitinní, 1992, ar Acht na dTrádmharcanna, 1996 agus ar an Acht um Dhearaí Tionscail, 2001; do dhéanamh leasú áirithe ar Acht na bPaitinní, 1992; do dhéanamh leasuithe ar Acht na bPaitinní, 1992 agus ar Acht na dTrádmharcanna, 1996 i ndáil le tagairtí sna hAchtanna sin do chúirteanna agus d'fhíneálacha; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

Bill entitled an Act to amend the Copyright and Related Rights Act 2000 to take account of certain recommendations for amendments to that Act contained in the Report of the Copyright Review Committee entitled "Modernising Copyright" published by that Committee in October 2013 and also to take account of certain exceptions to copyright permitted by Directive 2001/29/EC of the European Parliament and of the Council of 22 May 2001 on the harmonisation of certain aspects of copyright and related rights in the information society; to make certain other amendments to that Act, including amendments in relation to references in that Act to education and fines; to make consequential amendments to the Courts of Justice Act 1924, the Courts (Supplemental Provisions) Act 1961, the Patents Act 1992, the Trade Marks Act 1996 and the Industrial Designs Act 2001; to make a certain amendment to the Patents Act 1992; to make amendments to the Patents Act 1992 and the Trade Marks Act 1996 in relation to references in those Acts to courts and fines; and to provide for related matters.

—An tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

Tabhairt Isteach:
Introduction:

7. An Bille um Chosaint Idirnáisiúnta (Leasú), 2017 — An Chéad Chéim.
International Protection (Amendment) Bill 2017 — First Stage.

Bille dá ngairtear Acht do dhéanamh socrú chun a cheadú do dhaoine atá ag déanamh iarratais ar chosaint idirnáisiúnta fostaíocht a lorg agus dul i bhfostaíocht, laistigh den Stát; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

Bill entitled an Act to provide for allowing persons applying for international protection to seek and enter employment within the State; and to provide for related matters.

—Jonathan O'Brien.

Fógraí Tairisceana: Notices of Motions

8. "Go gceadaíonn Dáil Éireann an tOrdú seo a leanas ina dhréacht:

An tOrdú um an Acht Airgeadais, 2004 (Alt 91) (Géilleadh don Phríomh-Chiste a Iarchur), 2018,

ar leagadh cóipeanna de ina dhréacht faoi bhráid Dháil Éireann an 21 Marta, 2018.

That Dáil Éireann approves the following Order in draft:

Finance Act 2004 (Section 91) (Deferred Surrender to the Central Fund) Order 2018,

copies of which have been laid in draft form before Dáil Éireann on 21st March, 2018."

—An tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

---

9. "Go gceadaíonn Dáil Éireann an tuarascáil ón Aire a bhfuil freagracht air maidir le Cosaint, maidir le seirbhís ag Óglaigh na hÉireann leis na Náisiúin Aontaithe in 2016, ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 5 Deireadh Fómhair 2017, de réir alt 13 den Acht Cosanta (Leasú), 2006.

That Dáil Éireann approves the report by the Minister with responsibility for Defence, regarding service by the Defence Forces with the United Nations in 2016, copies of which were laid before Dáil Éireann on 5th October, 2017, in accordance with section 13 of the Defence (Amendment) Act 2006."

—An Taoiseach agus Aire Cosanta.

---

10. "Go gceadaíonn Dáil Éireann an tOrdú seo a leanas ina dhréacht:

An tOrdú fá na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2017 (Méadú ar Líon na nGnáthchomhaltaí den Bhord Pleanála), 2018,

ar leagadh cóip de ina dhréacht faoi bhráid Dháil Éireann an 21 Feabhra, 2018.

That Dáil Éireann approves the following Order in draft:

Planning and Development Acts 2000 to 2017 (Increase in Number of Ordinary Members of An Bord Pleanála) Order 2018,

a copy of which has been laid in draft form before Dáil Éireann on 21st February, 2018."

—An tAire Tithíochta, Pleanála, agus Rialtais Áitiúil.

---

11. "Go mbreithneoidh Dáil Éireann an Tuarascáil ón gComhchoiste um Chumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol dar teideal 'Tuarascáil ón gComhchoiste maidir le Maoiniú ar Chraolachán Seirbhíse Poiblí sa Todhchaí' ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dáil Éireann an 13 Nollaig 2017.

That Dáil Éireann shall consider the Report of the Joint Committee on Communications, Climate Action and Environment entitled 'Report of the Joint Committee on the Future Funding of Public Service Broadcasting' copies of which were laid before Dáil Éireann on 13th December, 2017."

—An tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

---

12. "Go gceadaíonn Dáil Éireann an tuarascáil ón Taoiseach agus Aire Cosanta maidir le seirbhís ag na Fórsaí Cosanta leis na Náisiúin Aontaithe in 2015, ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 9 Meán Fómhair 2016, de réir alt 13 den Acht Cosanta (Leasú), 2006.

That Dáil Éireann approves the report by the Taoiseach and Minister for Defence, regarding service by the Defence Forces with the United Nations in 2015, copies of which were laid before Dáil Éireann on 9th September, 2016, in accordance with section 13 of the Defence (Amendment) Act 2006."

—An Taoiseach agus Aire Cosanta.

---

13. "Go mbreithneoidh Dáil Éireann an Tuarascáil ón gComhchoiste um Shláinte dar teideal 'Tuarascáil maidir le Grinnscrúdú ar an mBille um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (Leasú), 2016 [BCP]', ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 5 Aibreán 2017.

That Dáil Éireann shall consider the Report of the Joint Committee on Health entitled 'Report on Scrutiny of the Health and Social Care Professionals (Amendment) Bill 2016 [PMB]', copies of which were laid before Dáil Éireann on 5th April, 2017."

—Michael Harty,
Chairman of the Joint Committee on Health.
[10 *May*, 2017]

---

14. "Go mbreithneoidh Dáil Éireann an Tuarascáil ón gComhchoiste um Oideachas agus Scileanna dar teideal 'Tuarascáil ar Mheabhair-Shláinte Dhearfach i Scoileanna', ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 12 Meán Fómhair 2017.

That Dáil Éireann shall consider the Report of the Joint Committee on Education and Skills entitled 'Report on Positive Mental Health in Schools', copies of which were laid before Dáil Éireann on 12th September, 2017."

—Fiona O'Loughlin,
Chairman of the Joint Committee on Education and Skills.
[20 *September*, 2017]

---

15. "Go mbreithneoidh Dáil Éireann an Tuarascáil ón gComhchoiste um Oideachas agus Scileanna dar teideal 'Tuarascáil maidir le hincháilitheacht deontais chothabhála do mhic léinn (Tacaíocht Uilíoch Mac Léinn Éireann a mhúscailt)', ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 29 Meán Fómhair 2017.

That Dáil Éireann shall consider the Report of the Joint Committee on Education and Skills entitled 'Report on the eligibility of maintenance grants to students (Wake-up SUSI)', copies of which were laid before Dáil Éireann on 29th September, 2017."

—Fiona O'Loughlin,
Chairman of the Joint Committee on Education and Skills.

[3 *October,* 2017]

---

16. "Go mbreithneoidh Dáil Éireann an Tuarascáil ón gComhchoiste um Thithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil dar teideal 'Tionchar na Ligean Gearrthéarma ar Mhargadh Tithíochta agus Cíosa na hÉireann', ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 5 Dheireadh Fómhair 2017.

That Dáil Éireann shall consider the Report of the Joint Committee on Housing, Planning and Local Government entitled 'The Impact of Short Term Lettings on Ireland's Housing and Rental Market', copies of which were laid before Dáil Éireann on 5th October, 2017."

—Maria Bailey,
Chairman of the Joint Committee on Housing, Planning and Local Government.
[10 *October*, 2017]

---

17. "Go mbreithneoidh Dáil Éireann an Tuarascáil ón gComhchoiste um Leanaí agus Gnóthaí Óige dar teideal 'Tuarascáil maidir le seirbhísí cúraim altrama a sholáthar in Éirinn', ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 9 Samhain, 2017.

That Dáil Éireann shall consider the Report of the Joint Committee on Children and Youth Affairs entitled 'Report on the Provision of Foster Care Services in Ireland', copies of which were laid before Dáil Éireann on 9th November, 2017."

—Alan Farrell,
Chairman of the Joint Committee on Children and Youth Affairs.
[14 *November*, 2017]

---

18. "Go mbreithneoidh Dáil Éireann an Tuarascáil ón gComhchoiste um Thalmhaíocht, Bia agus Muir dar teideal 'Todhchaí na hEarnála Curaíochta in Éirinn', ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 22 Samhain 2017.

That Dáil Éireann shall consider the Report of the Joint Committee on Agriculture, Food and the Marine entitled 'Future of the Tillage Sector in Ireland', copies of which were laid before Dáil Éireann on 22nd November, 2017."

—Pat Deering,
Chairman of the Joint Committee on Agriculture, Food and the Marine.
[28 *November*, 2017]

---

19. "Go mbreithneoidh Dáil Éireann an Tuarascáil ón gComhchoiste um Fhorfheidhmiú Chomhaontú Aoine an Chéasta dar teideal 'Brexit agus todhchaí na hÉireann: Éire agus a Muintir a Aontú faoi Shíocháin agus Rathúnas', ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 2 Lúnasa, 2017.

That Dáil Éireann shall consider the Report of the Joint Committee on the Implementation of the Good Friday Agreement entitled 'Brexit and The Future of Ireland: Uniting Ireland & Its People in Peace & Prosperity', copies of which were laid before Dáil Éireann on 2nd August, 2017."

—Seán Crowe,

Chairman of the Joint Committee on the Implementation of the Good Friday Agreement.
[12 *December*, 2017]

---

20. "Go mbreithneoidh Dáil Éireann an Tuarascáil ón gComhchoiste um Fhorfheidhmiú Chomhaontú Aoine an Chéasta dar teideal 'Na Impleachtaí atá ag Brexit do Chomhaontú Aoine an Chéasta: Príomhchinntí', ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 22 Meitheamh, 2017.

That Dáil Éireann shall consider the Report of the Joint Committee on the Implementation of the Good Friday Agreement entitled 'The Implications of Brexit for the Good Friday Agreement: Key Findings', copies of which were laid before Dáil Éireann on 22nd June, 2017."

—*Seán Crowe,*
Chairman of the Joint Committee on the Implementation of the Good Friday Agreement.
[12 *December*, 2017]

---

21. "Go mbreithneoidh Dáil Éireann an Tuarascáil ón gComhchoiste um Chúram Meabhairshláinte sa Todhchaí dar teideal 'Tuarascáil Eatramhach ón gComhchoiste um Chúram Meabhairshláinte sa Todhchaí', ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 12 Nollaig 2017.

That Dáil Éireann shall consider the Report of the Joint Committee on the Future of Mental Health Care entitled 'Interim Report of the Joint Committee on the Future of Mental Health Care', copies of which were laid before Dáil Éireann on 12th December, 2017."

—*James Browne,*
Vice-Chairman of the Joint Committee on the Future of Mental Health Care.
[23 *January*, 2018]

---

22. "Meastacháin i gcomhair Seirbhísí Poiblí [2018]:

Vóta 1 — Teaghlachas an Uachtaráin (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €4,321,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2018, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig Ard-Rúnaí an Uachtaráin, le haghaidh costais áirithe eile a bhaineann le Teaghlachas an Uachtaráin agus le haghaidh deontais áirithe.

Vóta 2 — Roinn an Taoisigh (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná

Estimates for Public Services [2018]:

Vote 1 — President's Establishment (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €4,321,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2018, for the salaries and expenses of the Office of the Secretary General to the President, for certain other expenses of the President's Establishment and for certain grants.

Vote 2 — Department of the Taoiseach (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €35,891,000 be

€35,891,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2018, le haghaidh thuarastail agus chostais Roinn an Taoisigh, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na Roinne agus chun deontais a íoc.

Vóta 3 — Oifig an Ard-Aighne (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €15,322,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2018, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Ard-Aighne, lena n-áirítear deontas.

Vóta 4 — An Phríomh-Oifig Staidrimh (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €48,746,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2018, le haghaidh thuarastail agus chostais na Príomh-Oifige Staidrimh.

Vóta 5 — Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €43,502,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2018, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Vóta 6 — Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €33,695,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2018, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

Vóta 7 — Oifig an Aire Airgeadais (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €40,647,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2018, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig

granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2018, for the salaries and expenses of the Department of the Taoiseach, including certain services administered by the Department and for payment of grants.

Vote 3 — Office of the Attorney General (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €15,322,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2018, for the salaries and expenses of the Office of the Attorney General, including a grant.

Vote 4 — Central Statistics Office (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €48,746,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2018, for the salaries and expenses of the Central Statistics Office.

Vote 5 — Office of the Director of Public Prosecutions (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €43,502,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2018, for the salaries and expenses of the Office of the Director of Public Prosecutions.

Vote 6 — Office of the Chief State Solicitor (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €33,695,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2018, for the salaries and expenses of the Office of the Chief State Solicitor.

Vote 7 — Office of the Minister for Finance (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €40,647,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2018, for the salaries and expenses of the Office of

an Aire Airgeadais, lena n-áirítear Oifig an Phámháistir Ghinearálta, le haghaidh seirbhísí áirithe atá faoi riaradh Oifig an Aire agus chun deontais áirithe a íoc.

Vóta 8 — Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €7,927,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2018, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Vóta 9 — Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €356,879,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2018, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear seirbhísí áirithe eile atá faoi riaradh na hOifige sin.

Vóta 10 — An Coimisiún um Achomhairc Chánach (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €1,626,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2018, le haghaidh thuarastail agus chostais an Choimisiúin um Achomhairc Chánach.

Vóta 11 — Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €56,230,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2018, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, le haghaidh seirbhísí áirithe atá faoi riaradh Oifig an Aire agus chun deontais áirithe a íoc, agus go ndeonófar suim nach mó ná €685,000 trí leithreasaí nár caitheadh agus a bhféadfar a dtabhairt suas a iarchur faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, a chur chun feidhme le haghaidh

the Minister for Finance, including the Paymaster-General's Office, for certain services administered by the Office of the Minister and for payment of certain grants.

Vote 8 — Office of the Comptroller and Auditor General (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €7,927,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2018, for the salaries and expenses of the Office of the Comptroller and Auditor General.

Vote 9 — Office of the Revenue Commissioners (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €356,879,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2018, for the salaries and expenses of the Office of the Revenue Commissioners, including certain other services administered by that Office.

Vote 10 — Tax Appeals Commission (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €1,626,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2018, for the salaries and expenses of the Tax Appeals Commission.

Vote 11 — Public Expenditure and Reform (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €56,230,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2018, for the salaries and expenses of the Office of the Minister for Public Expenditure and Reform, for certain services administered by the Office of the Minister and for payment of certain grants and that a sum not exceeding €685,000 be granted by way of the application for capital supply services of unspent appropriations, the surrender of which may be deferred under Section 91 of

seirbhísí soláthair caipitiúla.

Vóta 12 — Aoisliúntas agus Liúntais Scoir (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €366,150,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2018, le haghaidh pinsean, aoisliúntais, díobhálacha ceirde, agus liúntas agus aiscí breise agus eile, faoi na hAchtanna Aoisliúntais, 1834 go 2004, agus faoi reachtanna iolartha eile; le haghaidh pinsin, liúntais agus aiscí eisreachtúla arna ndámhachtain ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, táillí do lia-réiteoirí agus táillí ócáideacha do dhochtúirí; cúitimh agus íocaíochtaí eile i leith díobhálacha pearsanta; táillí don Údarás Pinsean; íocaíochtaí ilghnéitheacha, etc.

Vóta 13 — Oifig na nOibreacha Poiblí (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €404,214,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2018, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig na nOibreacha Poiblí; le haghaidh seirbhísí atá faoi riaradh na hOifige sin agus chun deontais áirithe a íoc agus chun caiteachas áirithe a chúiteamh.

Vóta 14 — An tSaotharlann Stáit (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €9,343,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2018, le haghaidh thuarastail agus chostais na Saotharlainne Stáit.

Vóta 15 — An tSeirbhís Shicréideach (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €1,000,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2018, le haghaidh na Seirbhíse Sicréidí.

Vóta 16 — An Oifig Luachála (Meastachán Athbhreithnithe).

the Finance Act 2004.

Vote 12 — Superannuation and Retired Allowances (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €366,150,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2018, for pensions, superannuation, occupational injuries, and additional and other allowances and gratuities under the Superannuation Acts 1834 to 2004 and sundry other statutes; extra-statutory pensions, allowances and gratuities awarded by the Minister for Public Expenditure and Reform, fees to medical referees and occasional fees to doctors; compensation and other payments in respect of personal injuries; fees to Pensions Authority; miscellaneous payments, etc.

Vote 13 — Office of Public Works (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €404,214,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2018, for the salaries and expenses of the Office of Public Works; for services administered by that Office and for payment of certain grants and for the recoupment of certain expenditure.

Vote 14 — State Laboratory (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €9,343,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2018, for the salaries and expenses of the State Laboratory.

Vote 15 — Secret Service (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €1,000,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2018, for Secret Service.

Vote 16 — Valuation Office (Revised Estimate).

Go ndeonófar suim nach mó ná €10,440,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2018, le haghaidh thuarastail agus chostais na hOifige Luachála agus mionseirbhísí áirithe.

That a sum not exceeding €10,440,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2018, for the salaries and expenses of the Valuation Office and certain minor services.

Vóta 17 — An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (Meastachán Athbhreithnithe).

Vote 17 — Public Appointments Service (Revised Estimate).

Go ndeonófar suim nach mó ná €13,359,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2018, le haghaidh thuarastail agus chostais na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí, agus go ndeonófar suim nach mó ná €60,000 trí leithreasaí nár caitheadh agus a bhféadfar a dtabhairt suas a iarchur faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, a chur chun feidhme le haghaidh seirbhísí soláthair caipitiúla.

That a sum not exceeding €13,359,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2018, for the salaries and expenses of the Public Appointments Service and that a sum not exceeding €60,000 be granted by way of the application for capital supply services of unspent appropriations, the surrender of which may be deferred under Section 91 of the Finance Act 2004.

Vóta 18 — An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Meastachán Athbhreithnithe).

Vote 18 — National Shared Services Office (Revised Estimate).

Go ndeonófar suim nach mó ná €43,267,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2018, le haghaidh thuarastail agus chostais na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus go ndeonófar suim nach mó ná €1,429,000 trí leithreasaí nár caitheadh agus a bhféadfar a dtabhairt suas a iarchur faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, a chur chun feidhme le haghaidh seirbhísí soláthair caipitiúla.

That a sum not exceeding €43,267,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2018, for the salaries and expenses of the National Shared Services Office and that a sum not exceeding €1,429,000 be granted by way of the application for capital supply services of unspent appropriations, the surrender of which may be deferred under Section 91 of the Finance Act 2004.

Vóta 19 — Oifig an Ombudsman (Meastachán Athbhreithnithe).

Vote 19 — Office of the Ombudsman (Revised Estimate).

Go ndeonófar suim nach mó ná €11,177,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2018, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Ombudsman, Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí, an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil.

That a sum not exceeding €11,177,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2018, for the salaries and expenses of the Office of the Ombudsman, the Office of the Commission for Public Service Appointments, the Standards in Public Office Commission, the Office of the Information Commissioner and the Office of the Commissioner for Environmental

Information.

Vóta 20 — An Garda Síochána (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €1,542,522,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2018, le haghaidh thuarastail agus chostais an Gharda Síochána, lena n-áirítear pinsin, etc.; chun costais finnéithe áirithe a íoc, agus chun deontais áirithe a íoc, agus go ndeonófar suim nach mó ná €8,907,000 trí leithreasaí nár caitheadh agus a bhféadfar a dtabhairt suas a iarchur faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, a chur chun feidhme le haghaidh seirbhísí soláthair caipitiúla.

Vote 20 — Garda Síochána (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €1,542,522,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2018, for the salaries and expenses of the Garda Síochána, including pensions, etc.; for the payment of certain witnesses' expenses, and for payment of certain grants and that a sum not exceeding €8,907,000 be granted by way of the application for capital supply services of unspent appropriations, the surrender of which may be deferred under Section 91 of the Finance Act 2004.

Vóta 21 — Príosúin (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €328,195,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2018, le haghaidh thuarastail agus chostais na Seirbhíse Príosún, agus costais eile i ndáil le príosúin, lena n-áirítear ionaid choinneála agus chun deontais áirithe a íoc, agus go ndeonófar suim nach mó ná €2,233,000 trí leithreasaí nár caitheadh agus a bhféadfar a dtabhairt suas a iarchur faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, a chur chun feidhme le haghaidh seirbhísí soláthair caipitiúla.

Vote 21 — Prisons (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €328,195,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2018, for the salaries and expenses of the Prison Service, and other expenses in connection with prisons, including places of detention and for payment of certain grants and that a sum not exceeding €2,233,000 be granted by way of the application for capital supply services of unspent appropriations, the surrender of which may be deferred under Section 91 of the Finance Act 2004.

Vóta 22 — An tSeirbhís Chúirteanna (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €83,606,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2018, le haghaidh na dtuarastal agus na gcostas sin de chuid na Seirbhíse Cúirteanna agus na Cúirte Uachtaraí, na Cúirte Achomhairc, na hArd-Chúirte, na Cúirte Coiriúla Speisialta, na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche agus mionseirbhísí áirithe eile nach muirear ar an bPríomh-Chiste, agus go ndeonófar suim nach mó ná €6,000,000 trí leithreasaí nár caitheadh agus a bhféadfar a dtabhairt suas a iarchur faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, a chur chun feidhme le haghaidh seirbhísí soláthair caipitiúla.

Vote 22 — Courts Service (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €83,606,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2018, for such of the salaries and expenses of the Courts Service and of the Supreme Court, the Court of Appeal, the High Court, the Special Criminal Court, the Circuit Court and the District Court and of certain other minor services as are not charged to the Central Fund and that a sum not exceeding €6,000,000 be granted by way of the application for capital supply services of unspent appropriations, the surrender of which may be deferred under Section 91 of the Finance Act 2004.

Vóta 23 — An tÚdarás Clárúcháin Maoine (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €28,734,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2018, le haghaidh thuarastail agus chostais an Údaráis Clárúcháin Maoine.

Vote 23 — Property Registration Authority (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €28,734,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2018, for the salaries and expenses of the Property Registration Authority.

Vóta 24 — Dlí agus Ceart agus Comhionannas (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €369,779,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2018, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, fhoireann na Seirbhíse Promhaidh agus seirbhísí áirithe eile, lena n-áirítear íocaíochtaí faoi scéimeanna airgead-teoranta atá faoi riaradh na hOifige sin, agus chun deontais áirithe a íoc, agus go ndeonófar suim nach mó ná €741,000 trí leithreasaí nár caitheadh agus a bhféadfar a dtabhairt suas a iarchur faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, a chur chun feidhme le haghaidh seirbhísí soláthair caipitiúla.

Vote 24 — Justice and Equality (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €369,779,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2018, for the salaries and expenses of the Office of the Minister for Justice and Equality, Probation Service staff and of certain other services including payments under cash-limited schemes administered by that Office, and payment of certain grants and that a sum not exceeding €741,000 be granted by way of the application for capital supply services of unspent appropriations, the surrender of which may be deferred under Section 91 of the Finance Act 2004.

Vóta 25 — Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €6,588,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2018, le haghaidh thuarastail agus chostais Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus chun deontais áirithe a íoc.

Vote 25 — Irish Human Rights and Equality Commission (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €6,588,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2018, for the salaries and expenses of the Irish Human Rights and Equality Commission and for payment of certain grants.

Vóta 26 — Oideachas agus Scileanna (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €9,156,547,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2018, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Oideachais agus Scileanna, le

Vote 26 — Education and Skills (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €9,156,547,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2018, for the salaries and expenses of the Office of the Minister for Education and Skills, for

haghaidh seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, agus chun deontais áirithe a íoc.

Vóta 27 — Comhar Idirnáisiúnta (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €498,956,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2018, le haghaidh Cúnamh Oifigiúil Forbartha áirithe, lena n-áirítear deontais áirithe, agus le haghaidh ranníocaí le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta áirithe a bhaineann le Cúnamh Forbartha agus le haghaidh tuarastail agus costais i ndáil leo sin.

Vóta 28 — Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €192,898,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2018, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, agus le haghaidh seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, lena n-áirítear deontais agus ranníocaí le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta.

Vóta 29 — Cumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €343,083,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2018, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, agus chun deontais áirithe a íoc, agus go ndeonófar suim nach mó ná €6,000,000 trí leithreasaí nár caitheadh agus a bhféadfar a dtabhairt suas a iarchur faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, a chur chun feidhme le haghaidh seirbhísí soláthair caipitiúla.

Vóta 30 — Talmhaíocht, Bia agus Muir (Meastachán Athbhreithnithe).

Go ndeonófar suim nach mó ná €1,250,841,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na

certain services administered by that Office, and for the payments of certain grants.

Vote 27 — International Co-operation (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €498,956,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2018, for certain Official Development Assistance, including certain grants, and for contributions to certain International Organisations involved in Development Assistance and for salaries and expenses in connection therewith.

Vote 28 — Foreign Affairs and Trade (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €192,898,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2018, for the salaries and expenses of the Office of the Minister for Foreign Affairs and Trade, and for certain services administered by that Office, including grants and contributions to International Organisations.

Vote 29 — Communications, Climate Action and Environment (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €343,083,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2018, for the salaries and expenses of the Office of the Minister for Communications, Climate Action and Environment, including certain services administered by that Office, and for payment of certain grants and that a sum not exceeding €6,000,000 be granted by way of the application for capital supply services of unspent appropriations, the surrender of which may be deferred under Section 91 of the Finance Act 2004.

Vote 30 — Agriculture, Food and the Marine (Revised Estimate).

That a sum not exceeding €1,250,841,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year

